AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2022
COM(2022) 305 final

ANNEXES 1 to 7

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115

{SEC(2022) 257 final} - {SWD(2022) 169 final} - {SWD(2022) 170 final} - {SWD(2022) 171 final}

IARSCRÍBHINN I
dá dtagraítear in Airteagal 4

MODHEOLAÍOCHT CHUN RÍOMH A DHÉANAMH AR AN DUL CHUN CINN I DTREO SPRIOCANNA A BHAINT AMACH, DHÁ SPRIOC LAGHDAITHE DE CHUID AN AONTAIS LE hAGHAIDH 2030 AGUS AN DÁ SPRIOC LAGHDAITHE NÁISIÚNTA LE hAGHAIDH 2030

Is é atá sa Rialachán seo an ionstraim a úsáidtear chun na spriocanna maidir le laghdú lotnaidicídí atá sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' a bhaint amach trína cheangal ar gach Ballstát rannchuidiú le laghdú 50 % a bhaint amach ar fud an Aontais faoin mbliain 2030 maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo araon ('Sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030') agus maidir le táirgí cosanta plandaí níos guaisí a úsáid ('Sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030'). Rialaítear leis an Rialachán seo freisin rannchuidiú gach Ballstáit le spriocanna sin an Aontais. Rannchuidiú gach Ballstáit le sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030, rannchuidiú a shocraítear i bhfoirm sprice náisiúnta, tagraítear dó mar 'sprioc laghdaithe náisiúnta 1 le haghaidh 2030', agus rannchuidiú Ballstáit le sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030, tagraítear dó mar 'sprioc laghdaithe náisiúnta 2 le haghaidh 2030'. Leagtar amach thíos an mhodheolaíocht chun an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na spriocanna sin a ríomh:

ROINN 1

Sprioc laghdaithe náisiúnta 1 le haghaidh 2030: modheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus maidir le riosca na dtáirgí sin a laghdú

1. Beidh an mhodheolaíocht bunaithe ar staidreamh maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha ceimiceacha a cuireadh ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, staidreamh arna soláthar don Choimisiún (Eurostat) faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

2. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir leis an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 a ríomh:

   (a) déanfar an dul chun cinn a ríomh ar bhonn aicmiú na substaintí gníomhacha ceimiceacha sna 4 ghrúpa a leagtar amach sa Tábla san Iarscríbhinn seo;

   (b) is iad na substaintí gníomhacha ceimiceacha a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún[2] a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 1;

   (c) na substaintí a liostaítear i gCuid A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 2;

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh i ndáil lotnaidicídí (IO L 324, 10.12.2009 lch. 1).

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

(d) na substaintí gníomhacha ceimiceacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 3;

(e) is iad na substaintí gníomhacha ceimiceacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 4, agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011;

(f) beidh feidhm ag na hualuithe i ró (iii) sa Tábla san Iarscríbhinn seo.

3. Ríomhfar an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 a bhaint amach trí na cainníochtaí bliantúla de shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh do gach grúpa sa Tábla san Iarscríbhinn seo a iolrú faoin ualú guaise ábhartha a leagtar amach i ró (iii), agus ansin trí chomhiomlánú thorthaí na ríomhanna sin.

Tábla

Aicmiú substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe leis an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe náisiúnta 1 le haghaidh 2030 a ríomh

Sraith	**Grúpaí**			
	1	**2**	**3**	**4**
(i)	Substaintí gníomhacha ceimiceacha a mbaineann riosca íseal leo a fhormheastar nó a mheastar a bheith formheasta faoi Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	Substaintí gníomhacha ceimiceacha atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus nach dtagann faoi chatagóirí eile agus a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	Substaintí gníomhacha ceimiceacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408.	Substaintí gníomhacha ceimiceacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011
(ii)	Ualuithe Guaise is infheidhme maidir le cainníochtaí substaintí gníomhacha ceimiceacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí atá údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009			
(iii)	**1**	**8**	**16**	**64**

4. Socrófar an bhunlíne do sprioc laghdaithe 1 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríofa thuas don tréimhse 2015-2017.

5. An dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 a bhaint amach, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.

6. Ríomhfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 34(2) den Rialachán seo do gach bliain féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 á ríomh ina leith.

ROINN 2

Sprioc laghdaithe náisiúnta 2: modheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha níos guaisí a laghdú

1. Beidh an mhodheolaíocht bunaithe ar staidreamh maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha a cuireadh ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, staidreamh arna sholáthar don Choimisiún faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009.

2. Ríomhfar an dul chun cinn i dtreo sprioc 2 a bhaint amach trí na cainníochtaí bliantúla de shubstaintí gníomhacha ceimiceacha atá i dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí a chuirtear ar an margadh gach bliain a shuimiú.

3. Socrófar an bhunlíne do sprioc laghdaithe 2 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríofa thuas don tréimhse 2015-2017.

4. An dul chun cinn atá déanta i dtreo sprioc laghdaithe 2 a bhaint amach, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.

5. Ríomhfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 2 a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 34(2) den Rialachán seo do gach bliain féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 2 á ríomh ina leith.

ROINN 3

Spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais

1. Beidh an mhodheolaíocht chun treochtaí a ríomh i dtreo dhá sprioc laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030 mar an gcéanna leis an modheolaíocht chun treochtaí a ríomh ar an leibhéal náisiúnta mar a leagtar amach i Roinn 1 agus i Roinn 2.

2. Ríomhfar an treocht ar an leibhéal náisiúnta trí úsáid a bhaint as staidreamh náisiúnta ar chainníochtaí na substaintí gníomhacha ceimiceacha mar a shainmhínítear i bpointe 3 d'Airteagal 3 den Rialachán seo, substaintí a chuirfear ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna soláthar don Choimisiún faoi Iarscríbhinn I (Staidreamh maidir le lotnaidicídí a chur ar an margadh) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009.

3. Ríomhfar an treocht ar leibhéal an Aontais trí úsáid a bhaint as staidreamh an Aontais maidir le cainníochtaí na substaintí gníomhacha ceimiceacha mar a shainmhínítear i bpointe 3 d'Airteagal 3 den Rialachán seo, substaintí a chuirfear ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna soláthar don Choimisiún faoi Iarscríbhinn I (Staidreamh maidir le lotnaidicídí a chur ar an margadh) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009.

IARSCRÍBHINN II

NA SONRAÍ SNA TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA MAIDIR LE DUL CHUN CINN AGUS LE CUR CHUN FEIDHME ATÁ LE SOLÁTHAR FAOIN 31 LÚNASA GACH BLIAIN FÉILIRE

Cuid 1: Treochtaí bliantúla maidir le dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdaithe náisiúnta 2030 a bhaint amach

1. na treochtaí maidir le dul chun cinn Ballstáit i dtreo dhá sprioc laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a bhaint amach dá dtagraítear in Airteagal 10(2), pointe (a);
2. gach sprioc táscach náisiúnta eile a léirítear in Airteagal 9(2), pointe (a), Airteagal 9(3), pointe (a) agus Airteagal 9(4).

Cuid 2: Na sonraí cainníochtúla eile ar fad atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus an leibhéal comhlíontachta leis

Úsáid táirgí cosanta plandaí:

1. céatadán na n-úsáideoirí gairmiúla a ndéantar cigireacht orthu maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme;
2. céatadán na n-úsáideoirí gairmiúla nach gcomhlíonann an oibleagáid taifid leictreonacha a choinneáil maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí;
3. céatadán na n-úsáideoirí gairmiúla nár chomhlíon an oibleagáid sonraí maidir le húsáid lotnaidicídí a choinneáil go leictreonach;
4. líon na gceadanna leata ón aer, tréimhse bhailíochta an cheada, chomh maith le méid agus suíomh na limistéar lena mbaineann, agus na cúiseanna leis an gcead a deonaíodh;
5. céatadán na limistéar talmhaíochta inúsáidte agus limistéir eile a chumhdaítear le ceadanna leata ón aer;
6. líon na gceadanna maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid i limistéir íogaire;
7. an céatadán den limistéar talmhaíochta inúsáidte agus de limistéir eile a chumhdaítear le ceadanna maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir íogaire;
8. líon measta na dtáirgí cosanta plandaí neamhdhleathacha a úsáideadh agus na cainníochtaí de tháirgí neamhdhleathacha cosanta plandaí a braitheadh;
9. ar chuir na Ballstáit maoluithe i bhfeidhm lena gceadaítear na nithe seo a leanas
   (a) ceanglais éagsúla chigireachta difriúla maidir le trealamh leata in úsáid ghairmiúil ar scála an-íseal úsáide, nó
   (b) díolúintí ó chigireacht le haghaidh trealamh leata láimhe nó spraeirí cnapsaic, in úsáid ghairmiúil.

Seirbhísí oiliúna agus comhairleacha:

10. céatadán na n-úsáideoirí, na gcomhairleoirí agus na ndáileoirí gairmiúla a oiltear sna hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn III agus a bhfuil deimhniú oiliúna acu i gcomhréir le hAirteagal 25 nó a bhfuil cruthúnas iontrála acu i gclár lárnach leictreonach i

gcomhréir le hAirteagal 25(5), arna mhiondealú ag úsáideoirí, comhairleoirí agus dáileoirí gairmiúla;

11. céatadán na n-úsáideoirí gairmiúla nach gcomhlíonann an oibleagáid seirbhísí comhairleacha neamhspleácha a úsáid uair sa bhliain ar a laghad.

Trealamh leata in úsáid ghairmiúil:

12. céatadán measta an trealaimh leata in úsáid ghairmiúil atá cláraithe ar an gclár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil;

13. an céatadán den trealamh leata cláraithe atá in úsáid ghairmiúil agus atá dlite le haghaidh cigireachta a ndearnadh cigireacht air;

14. an céatadán den trealamh leata in úsáid ghairmiúil, ag tráth na cigireachta, a bhfuil feistí maolaithe riosca feistithe air.

Bearta breise na mBallstát chun bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme:

15. an céatadán den limistéar talmhaíochta inúsáidte i ngach Ballstát a chumhdaítear le rialacha a bhaineann go sonrach le barra agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de faoin reachtaíocht náisiúnta.

IARSCRÍBHINN III

ÁBHAIR TRAENÁLA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 25

1. An reachtaíocht ábhartha uile maidir le táirgí cosanta plandaí agus a n-úsáid agus an riosca a bhaineann leo agus go háirithe an Rialachán seo. Cé nach reachtaíocht eisiach í, tá an reachtaíocht seo a leanas ábhartha:

Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4]

Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]

Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6]

Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7]

Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]

Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]

Treoir 2006/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]

---

3 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/EEC ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

4 Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

5 Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

6 Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh struchtúrach gnó (IO L 324, 10.12.2009 lch. 1).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

8 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

9 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá á maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435 an 6.12.2021, lch. 1).

10 Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/*CE (*IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

Treoir 2009/127/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]

Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle[13]

Treoir 89/656/CEE ón gComhairle[14]

Treoir 98/24/CE ón gComhairle[15]

Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]

Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17]

Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]

Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [19]

2. Táirgí cosanta plandaí neamhdhleathacha agus góchumtha a bheith ann agus baol na dtáirgí sin, na modhanna chun táirgí den sórt sin a shainaithint, agus na pionóis a bhaineann le táirgí cosanta plandaí neamhdhleathacha a dhíol nó a úsáid.

3. Na guaiseacha agus na rioscaí a bhaineann le táirgí cosanta plandaí, agus an bealach chun iad a aithint agus a rialú, lena n-áirítear na hábhair seo a leanas:

   (a) rioscaí do shláinte an duine;

   (b) siomptóim de nimhiú táirgí cosanta plandaí agus bearta garchabhrach iomchuí i gcás nimhiú den sórt sin;

   (c) rioscaí do phlandaí agus feithidí nach spriocanna iad, don fhiadhúlra, don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol i gcoitinne.

---

11 Treoir 2009/127/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2006/42/CE maidir le hinnealra leata lotnaidicíde (IO L 310, 25.11.2009, lch. 29).

12 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

13 Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ar an láthair oibre a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

14 Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta maidir le húsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe ar an láthair oibre (an tríú treoir ar leith de réir Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 18).

15 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

16 Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ar an láthair oibre (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

17 Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte maidir le húsáid trealaimh oibre ag oibrithe ar an láthair oibre (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 260, 3.10.2009, lch. 5).

18 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

19 Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13).

4. Straitéisí agus teicnící comhtháite bainistithe lotnaidí, straitéisí agus teicnící comhtháite bainistithe barr, prionsabail na feirmeoireachta orgánaí, modhanna rialaithe bitheolaíocha, modhanna rialaithe orgánaigh dhíobhálacha, an oibleagáid maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 12 agus in Airteagal 13 den Rialachán seo, agus an oibleagáid taifid a chur isteach sa chlár comhtháite leictreonach bainistithe lotnaidí agus úsáide táirgí cosanta plandaí, mar a leagtar amach in Airteagal 14 den Rialachán seo.

5. Nuair a bheidh gá le táirgí cosanta plandaí, an bealach chun na táirgí cosanta plandaí a roghnú ar lú a n-iarmhairt ar shláinte an duine, ar orgánaigh nach spriocorgánaigh iad agus ar an gcomhshaol, i measc na dtáirgí údaraithe go léir le haghaidh fadhb lotnaidí ar leith, i gcás ar leith.

6. Bearta chun rioscaí don duine, d'orgánaigh nach spriocorgánaigh iad agus don chomhshaol a íoslaghdú, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

   (a) cleachtais oibre shábháilte chun táirgí cosanta plandaí a stóráil, a láimhseáil agus a mheascadh;

   (b) cleachtais oibre shábháilte chun pacáistíocht fholamh, ábhair éillithe eile agus barrachas táirgí cosanta plandaí (lena n-áirítear meascáin umar) a dhiúscairt, bíodh siad i bhfoirm tiúcháin nó i bhfoirm caolaithe;

   (c) an bealach a mholtar nochtadh oibreoirí a rialú (lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta);

   (d) faisnéis maidir le diúscairt cheart agus shábháilte táirgí cosanta plandaí nach bhfuil údaraithe a thuilleadh agus i gcás ina mbeidh aon tréimhse chairde maidir lena n-úsáid faoi Airteagal 20(2) nó faoi Airteagal 46 de Rialachán 1107/2009 dulta in éag.

7. Nósanna imeachta chun trealamh leata a ullmhú chun oibriú, lena n-áirítear calabrú an trealaimh sin, leis an riosca is lú is féidir don úsáideoir, do dhaoine eile, do speicis ainmhithe agus plandaí nach spriocspeicis iad, don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol, lena n-áirítear acmhainní uisce.

8. Oiliúint phraiticiúil maidir le trealamh leata a úsáid agus a chothabháil, agus maidir le bearta maolaithe riosca lena n-áirítear teicnící sonracha spraeála, úsáid teicneolaíochta nua lena n-áirítear teicnící feirmeoireachta beachta, chomh maith le seiceáil theicniúil na spraeirí atá in úsáid agus bealaí chun cáilíocht spraeála a fheabhsú. Maidir leis an ábhar seo, tabharfar aird ar leith ar na soic chun cáitheadh a laghdú agus ar na moltaí a dhéanann na monaróirí maidir leis na coinníollacha is fearr dá n-úsáid. Rioscaí sonracha a bhaineann le trealamh leata láimhe nó spraeirí cnapsaic a úsáid agus na bearta bainistithe riosca ábhartha. Cumhdóidh oiliúint phraiticiúil freisin na rioscaí sonracha a bhaineann le síolta a chóireáiltear le táirgí cosanta plandaí a chur.

9. Gníomhaíocht éigeandála chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, lena n-áirítear acmhainní uisce i gcás doirte agus éilliú trí thimpiste agus i gcás teagmhais adhaimsire a mbeadh rioscaí láiste táirgí cosanta plandaí mar thoradh orthu.

10. Cúram speisialta i réimsí íogaire mar a shainítear in Airteagal 2(15) den Rialachán seo agus i limistéir chosanta arna mbunú faoi Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2000/60/CE agus feasacht ar éilliú de bharr táirgí cosanta plandaí ar leith ina réigiún faoi seach.

11. Saoráidí a sholáthraíonn monatóireacht sláinte agus rochtain ar chúram sláinte ar féidir faisnéis maidir le teagmhais nimhithe géara agus ainsealacha a thuairisciú dóibh.

12. Coinneáil taifead ar dhíol, ar cheannach agus ar úsáid táirgí cosanta plandaí, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.

13. An bealach a n-íoslaghdófar nó a gcuirfear deireadh le leathadh táirgí cosanta plandaí áirithe a aicmítear mar tháirgí atá ‘díobhálach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’, ‘an-tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ nó ‘tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ de bhun Rialachán (CE) 1272/2008 ar bhóithre, ar línte iarnróid, nó feadh bóithre nó línte iarnróid, ar dhromchlaí an-tréscaoilte nó ar bhonneagar eile gar d’uisce dromchla nó do screamhuisce nó ar dhromchlaí séalaithe a bhfuil ardriosca ann go rithfidh siad isteach in uisce dromchla nó i gcórais séarachais.

14. Cosaint an chomhshaoil uiscigh agus soláthairtí uisce óil ó thionchar táirgí cosanta plandaí, lena n-áirítear i ndáil leis na hábhair seo a leanas:

(a) táirgí cosanta plandaí a úsáid i gcomhréir leis na srianta atá curtha in iúl ar an lipéad i gcomhréir le hAirteagal 31, pointe (4)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus tosaíocht á tabhairt do tháirgí cosanta plandaí nach n-aicmítear mar tháirgí atá ‘(an-)mharthanach’, ‘(an-)bhithcharnach’,

‘an-tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’, ‘tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ nó ‘díobhálach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008[20] nó ina bhfuil substaintí tosaíochta a áirítear sa liosta arna ghlacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2000/60/CE arna chur chun feidhme le Treoir 2008/105/CE agus le Treoir 2013/39/AE, nó lotnaidicídí shainaithnítear mar thruailleáin shonracha abhantracha faoi Iarscríbhinn V, pointe 1.2.6 de Threoir 2000/60/CE, go háirithe iad siúd a dhéanann difear d’uisce a úsáidtear chun uisce óil a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2000/60/CE agus Treoir (AE) 2020/2184;

(b) guaiseacha agus rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr úsáid táirgí cosanta plandaí, chomh maith le modhanna chun astaíochtaí isteach sa chomhshaol agus nochtadh ceirde do tháirgí cosanta plandaí níos guaisí a íoslaghdú;

(c) teicneolaíocht chun cáitheadh a laghdú a úsáid i ngach barr machaire;

(d) bearta maolaithe eile a úsáid lena n-íoslaghdaítear an riosca a bhaineann le truailliú lasmuigh den láthair de bharr cáitheadh sprae, sreabhadh draenach agus rith chun srutha, lena n-áirítear go háirithe criosanna maolánacha éigeantacha atá in aice le cúrsaí uiscí dromchla agus screamhuisce agus uiscígh;

[20] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(e) an bealach chun na srianta a leagtar amach i Rialachán (AE) 1107/2009 a chomhlíonadh maidir le híoslaghdú nó ionadú a dhéanamh ar úsáid táirgí cosanta plandaí áirithe a aicmítear mar tháirgí atá ‘díobhálach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’, ‘an-tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ nó ‘tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ de bhun Rialachán (CE) 1272/2008 ar bhóithre, ar línte iarnróid, nó feadh bóithre nó línte iarnróid, ar dhromchlaí an-tréscaoilte nó ar bhonneagar eile gar d’uisce dromchla nó do screamhuisce nó ar dhromchlaí séalaithe a bhfuil ardriosca ann go rithfidh siad isteach in uisce dromchla nó i gcórais séarachais.

IARSCRÍBHINN IV

CIGIREACHT AR THREALAMH LEATA IN ÚSÁID GHAIRMIÚIL

Cumhdóidh cigireacht ar threalamh leata in úsáid ghairmiúil gach gné atá tábhachtach chun ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú. Ba cheart éifeachtacht agus sábháilteacht iomlán na hoibríochta leata a áirithiú trí fheidhmíocht chuí aon fheiste nó aon ghairis de chuid an trealaimh chun na cuspóirí seo a leanas a ráthú.

Ní mór an trealamh leata a fheidhmiú go hiontaofa agus ní úsáidfear é ach i gcomhréir leis an lámhleabhar oibríochta chun na críche atá beartaithe dó, rud a áiritheoidh go bhféadfar táirgí cosanta plandaí a leathadh go cruinn i gcomhréir leis an dea-chleachtas talmhaíochta (GAP) mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), pointe (a) de Rialachán (CE) 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21].

Ní mór an trealamh a bheith i riocht den sórt sin ionas gur féidir é a líonadh agus a fholmhú go sábháilte, go héasca agus go hiomlán agus chun aon sceitheadh de thuaslagán sprae nó de tháirge tiubhaithe a chosc. Beidh sé indéanta é a ghlanadh go éasca agus go críochnúil. Chomh maith leis sin, beifear in ann é oibriú go sábháilte, agus beidh an t-oibreoir in ann é a stopadh láithreach. Beidh sé simplí aon choigeartuithe is gá a dhéanamh. Beidh coigeartuithe den sórt sin cruinn agus beifear in ann iad a atáirgeadh.

Le linn cigireachta, seiceálfar go bhfuil na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh:

1. Sábháilteacht

Beidh an trealamh glan agus sábháilte sula gcuirfear tús leis an gcigireacht. Déanfar seiceáil ar na nithe seo a leanas:

- garda seafta tiomána na cumhachtdúiseachta a thógáil amach agus na feistí cosanta go léir le haghaidh na cumhachtdúiseachta agus páirteanna tarchurtha cumhachta rothlacha eile,
- sceitheadh ón gcóras hiodrálach agus riocht ginearálta sorcóirí agus píopaí hiodrálacha,
- sábháilteacht agus feidhmiú gach páirte leictrí, lena n-áirítear lasca solanoideacha,
- feidhmiú comhlaí sábháilteachta,
- riocht na gcodanna struchtúracha, an chreatlaigh agus ghabhdáin na mbúmanna/na soc,
- glasáil na bpáirteanna infhillte, agus
- i gcás aon trealaimh a úsáideann cúnamh aeir, gardaí an tséidire agus riocht an tséidire, lena n-áirítear riocht fisiciúil an aonaid séidire, an ghaothráin agus na muinchillí.

[21] Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

2. Sceitheadh

Ní bheidh aon sceitheadh ná sileadh ó aon chuid den trealamh agus é ina stad nó i ndálaí oibre. Ní bheidh aon sileadh ná leathadh neamhbheartaithe ann tar éis don trealamh a bheith múchta. Maidir le trealamh a úsáidtear chun táirgí leachtacha a leathadh, ní bheidh aon sceitheadh ó phíopaí ná ó phíobáin agus é ag rith ag an uasbhrú infhaighte don chóras agus ní chuirfear aon leacht díreach ar an spraeire féin.

3. Caidéal (do threalamh a úsáidtear chun táirgí leachta a leathadh)

Beidh an toilleadh caidéil oiriúnach do riachtanais an trealaimh leata agus ní mór don chaidéal feidhmiú i gceart chun ráta leata atá seasta iontaofa a áirithiú.

4. Suaitheadh nó meascadh (do threalamh chun táirgí leachtacha a leathadh)

Ní mór d'fheistí suaite nó measctha athshruthú ceart a áirithiú chun tiúchan chothrom de thoirt iomlán an mheascáin leachta sprae san umar a bhaint amach.

5. Umar/crannóg an leachta sprae

Maidir le humair agus crannóga sprae, lena n-áirítear táscairí leibhéil líonta, feistí líonta, scagairí, córais fholmha agus sruthlaithe agus feistí measctha, oibreoidh siad sa chaoi go laghdófar an doirteadh tionóisceach, dáileadh éagothrom tiúchana, nochtadh an oibreora agus inneachar iarmhair.

6. Córais tomhais, córais rialaithe agus rialála

Beidh gach feiste atá ceaptha chun brú nó ráta sreafa a thomhas, a lascadh agus a mhúchadh calabraithe i gceart agus beidh siad ag feidhmiú mar ba cheart. Beidh na rialuithe atá le hoibriú le linn na hoibríochta leata inoibrithe ó shuíomh an oibreora, beidh na hionstraimí is gá chun an oibríocht a rialú i láthair agus beidh siad cruinn agus beidh taispeántí na hionstraime inléite ó shuíomh an oibreora. I gcás trealamh chun táirgí leachtacha a leathadh, coinneoidh feistí coigeartaithe brú seasmhach oibre ag réabhlóidí seasmhacha an chaidéil, chun a áirithiú go gcuirtear ráta leata seasta i bhfeidhm. Trealamh breise chun táirgí cosanta plandaí a dháileáil nó a instealladh, feidhmeoidh siad go cruinn agus i gceart.

7. Píopaí agus píobáin

Beidh riocht ceart feidhmiúcháin ar phíopaí agus ar phíobáin sa chaoi go seachnófar suaitheadh ar shreabhadh an táirge nó doirteadh tionóisceach i gcás ina dteipfeadh orthu. Ní beidh píopaí ná píobáin lúbtha, caite go hiomarcach ná in áit ina mbeadh siad sínte.

8. Scagadh (le haghaidh trealamh a úsáidtear chun táirgí leachtacha a leathadh)

D'fhonn suaiteacht agus ilchineálacht a sheachaint i bpatrúin spraeála, beidh na scagairí ann agus i riocht maith agus beidh méid mogaill na scagairí ar aon dul le méid na soc a bheidh feistithe ar an spraeire agus beidh siad oiriúnach do mhéid na soc sin. Más infheidhme, oibreoidh an córas tásca blocála scagaire i gceart.

9. Búm spraeála (le haghaidh trealamh a dhéanann táirgí cosanta plandaí a leathadh trí bhúm atá suite go cothrománach nó go ceartingearach, atá suite gar don bharr nó don ábhar atá le cóireáil)

Ní mór don bhúm a bheith i riocht maith agus seasmhach i ngach treo. Na córais daingnithe agus coigeartaithe agus na feistí chun gluaiseachtaí neamhbheartaithe a mhaolú agus le haghaidh cúiteamh as fána, feidhmeoidh siad i gceart.

10. Soic (le haghaidh trealamh chun táirgí leachtacha a dháileadh)/ sceithbhealaí (le haghaidh táirgí soladacha)

Feidhmeoidh soic agus sceithbhealaí i gceart. Ní imeoidh ráta sreafa gach soic ná sceithbhealaigh ar leith go suntasach ó shonraí na dtáblaí ráta sreafa arna gcur ar fáil ag an monaróir.

11. Dáileadh

I gcás inarb ábhartha, caithfidh dáileadh an táirge a bheith cothrom maidir leis an bhfad dáilte, go trasnach agus go ceartingearach (i gcás leathadh le haghaidh barra ingearacha) sa sprioclimistéar.

12. Séidire (le haghaidh trealamh a dháileann táirgí cosanta plandaí le cúnamh aeir)

Beidh dea-bhail ar an séidire agus áiritheoidh sé go mbeidh sruth aeir seasmhach iontaofa ann.

13. Glanadh

Más ann dóibh, na córais sruthlaithe/ghlanta do choimeádáin fholmhaithe, e.g. feistithe ar chruinneoga ionduchtaithe an trealaimh leata, feidhmeoidh siad go hiontaofa. Ina theannta sin, má tá siad ar fáil, feistí glantacháin umair, feistí glantacháin seachtracha, feistí le haghaidh ghlanadh na gcruinneog ionduchtaithe agus feistí le haghaidh ghlanadh inmheánach an trealaimh leata, feidhmeoidh siad i gceart.

IARSCRÍBHINN V

FOIRM FÓGRA

Údar an fhógra (Cuir tic isteach le do thoil)			
Trealamh nua nó an chéad chlárú ar threalamh úsáidte ☐		Baint ó úsáid ☐	
Athrú úinéireachta ☐		Dul i mbun úsáide arís ☐	
Úinéir reatha			
Ainm:		Aitheantóir uathúil pearsanta/cuideachta: (Uimhir Chánach)	
Seoladh 1:			
Seoladh 2:		Gairm bheatha: (Feirmeoir, Tírdhreachóir, Conraitheoir, más eile, sonraigh le do thoil)	
Seoladh 3:			
Seoladh 4:			
Tír:			
An t-iarúinéir más infheidhme			
Ainm:			
Seoladh 1:			
Seoladh 2:			
Seoladh 3:			
Seoladh 4:			
Tír:			

Cineál trealaimh leata lotnaidicíde (cuir tic leis an gceann is iomchuí, le do thoil)							
Spraeire búm		Trealamh leata táirge cosanta plandaí a tháirgeann braoiníní agus a úsáideann gaothrán chun na braoiníní sin a dháileadh go hingearach agus/nó go cliathánach		Ceodóir (fuar & te)		Síolchóiritheoir	
Riarthóir gráinnín				Gineadóir gaile		Spraeire ingearach	
Aerárthaí (eitlithe)		Aerárthach (rótóir)		Aerárthaí gan foireann (e.g. ladrann)		Trealamh leata láimhe	
Eile		Déan cur síos uirthi:					
An trealamh aerchuidithe é?							
An bhfuil an trealamh feistithe le soc nó le stopadóir coda faoi rialú GPS?							
Trealamh leata lotnaidicídí							
Déanamh:			Samhail:				
Uimhir Fonnaidh:			Toilleadh an umair/na crannóige:				
Bliain an mhonaraithe:			Leithead oibre:				
Faisnéis eile:							

IARSCRÍBHINN VI
dá dtagraítear in Airteagal 35

MODHEOLAÍOCHT CHUN TÁSCAIRÍ RIOSCA COMHCHUIBHITHE A RÍOMH AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AGUS AR AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

ROINN 1

Táscairí riosca comhchuibhithe

Tá an mhodheolaíocht chun táscairí riosca comhchuibhithe a ríomh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon liostaithe i Ranna 2 go 4 den Iarscríbhinn seo. Cé gurb ionann an mhodheolaíocht do tháscairí an Aontais agus do tháscairí náisiúnta araon, tá an chéad cheann bunaithe ar staidreamh ar fud an Aontais, ach tá an dara ceann bunaithe ar staidreamh náisiúnta. Ríomhfar na táscairí sin go bliantúil.

ROINN 2

Táscaire riosca comhchuibhithe 1: táscaire riosca comhchuibhithe guaisbhunaithe atá bunaithe ar chainníochtaí na substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009

1. Beidh an táscaire seo bunaithe ar staidreamh maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, staidreamh arna soláthar don Choimisiún (Eurostat) faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009. Déantar na sonraí sin a chatagóiriú i 4 ghrúpa.

2. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir le táscaire riosca comhchuibhithe 1 a ríomh:

   (a) déanfar táscaire riosca comhchuibhithe 1 a ríomh ar bhonn aicmiú na substaintí gníomhacha sna 4 ghrúpa a leagtar amach sa Tábla 1;

   (b) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 1;

   (c) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 2;

   (d) na substaintí gníomhacha ceimiceacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 3;

   (e) na substaintí nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 4;

   (f) beidh feidhm ag na hualuithe i ró (iii) i dTábla 1.

3. Ríomhfar táscaire riosca comhchuibhithe 1 trí na cainníochtaí bliantúla de shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh do gach grúpa i dTábla 1 a iolrú faoin ualú guaise ábhartha a leagtar amach i ró (iii), agus ansin trí chomhiomlánú thorthaí na ríomhanna sin.

Tábla 1

Catagóiriú substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe le táscaire riosca comhchuibhithe 1 a ríomh

Ró	**Grúpaí**			
	1	**2**	**3**	**4**
(i)	Substaintí gníomhacha ísealriosca atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	Substaintí gníomhacha atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus nach dtagann faoi chatagóirí eile agus a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	Substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408.	Substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011
(ii)	Ualuithe Guaise is infheidhme maidir le cainníochtaí substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí atá údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009			
(iii)	**1**	**8**	**16**	**64**

4. Socrófar an bhunlíne do tháscaire riosca comhchuibhithe 1 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríofa thuas don tréimhse 2011-2013.

5. Toradh tháscaire riosca comhchuibhithe 1, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.

6. Déanfaidh an Coimisiún torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 1 ar leibhéal an Aontais a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(2) den Rialachán seo le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 1 á ríomh ina leith.

7. Déanfaidh na Ballstáit torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 1 ar an leibhéal náisiúnta a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(3) den Rialachán seo

le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 1 á ríomh ina leith.

ROINN 3

Táscaire riosca comhchuibhithe 2: táscaire riosca comhchuibhithe bunaithe ar líon na n-údaruithe arna ndeonú faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009

1. Beidh an táscaire seo bunaithe ar líon na n-údaruithe a dheonaítear do tháirgí cosanta plandaí faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 mar a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 53(1) den Rialachán sin. Déantar na sonraí sin a chatagóiriú i 4 ghrúpa.

2. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir le táscaire riosca comhchuibhithe 2 a ríomh:

   (a) bunófar táscaire riosca comhchuibhithe 2 ar líon na n-údaruithe arna ndeonú faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus déanfar é a ríomh ar bhonn substaintí gníomhacha a aicmiú sna 4 ghrúpa a leagtar amach i dTábla 2 den Roinn seo;

   (b) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 1;

   (c) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 2;

   (d) na substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus atá liostaithe i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 3;

   (e) na substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 4;

   (f) Beidh feidhm ag na hualuithe i ró (iii) i dTábla 2 den Chuid seo.

3. Ríomhfar táscaire riosca comhchuibhithe 2 trí líon na n-údaruithe a dheonaítear do tháirgí cosanta plandaí faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 le haghaidh gach grúpa i dTábla 2 a iolrú faoin ualú guaise ábhartha a leagtar amach i ró (iii), agus ansin trí chomhiomlánú thorthaí na ríomhanna sin.

Tábla 2

Catagóiriú substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe le táscaire riosca comhchuibhithe 2 a ríomh

Ró	Grúpaí			
	1	**2**	**3**	**4**
(i)	Substaintí gníomhacha ísealriosca atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	Substaintí gníomhacha atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus nach dtagann faoi chatagóirí eile agus a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	Substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408.	Substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011
(ii)	Ualuithe guaise is infheidhme maidir le cainníochtaí substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí atá údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009			
(iii)	**1**	**8**	**16**	**64**

4. Socrófar an bhunlíne do tháscaire riosca comhchuibhithe 2 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríofa thuas don tréimhse 2011-2013.

5. Toradh tháscaire riosca comhchuibhithe 2, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.

6. Déanfaidh an Coimisiún torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 2 ar leibhéal an Aontais a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(2) den Rialachán seo le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 2 á ríomh ina leith.

7. Déanfaidh na Ballstáit torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 2 ar an leibhéal náisiúnta a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(3) den Rialachán seo le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 2 á ríomh ina leith.

8. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, cuirfear modheolaíocht tháscaire riosca comhchuibhithe 2a dá dtagraítear i roinn 4 den Iarscríbhinn seo in ionad mhodheolaíocht tháscaire riosca comhchuibhithe 2.

ROINN 4

Táscaire riosca comhchuibhithe 2a: táscaire riosca comhchuibhithe bunaithe ar líon na limistéar cóireáilte faoi údaruithe arna ndeonú faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009

1. Beidh an táscaire seo bunaithe ar líon na n-údaruithe a dheonaítear do tháirgí cosanta plandaí faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus fairsinge na limistéar cóireáilte faoi na húdaruithe sin, mar a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 53(1) den Rialachán sin.

2. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir le táscaire riosca comhchuibhithe 2a a ríomh:

(a) bunófar táscaire riosca comhchuibhithe 2a ar líon na n-údaruithe arna ndeonú faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus ar fhairsinge na limistéar a chóireáiltear faoi na húdaruithe sin. Déanfar é a ríomh ar bhonn catagóiriú na substaintí gníomhacha ceimiceacha sna 4 ghrúpa a leagtar amach i dTábla 3 den Chuid seo;

(b) is in heicteáir a bheidh na limistéir chóireáilte;

(c) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 1;

(d) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 2;

(e) na substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus atá liostaithe i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 3;

(f) na substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 4;

(g) Beidh feidhm ag na hualuithe i ró (iii) i dTábla 3 den Chuid seo.

3. Ríomhfar táscaire riosca comhchuibhithe 2a trí líon na n-údaruithe a dheonaítear do tháirgí cosanta plandaí faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 le haghaidh gach grúpa i dTábla 3 a iolrú faoin ualú guaise ábhartha a leagtar amach i ró (iii), agus faoi na limistéir chóireáilte faoi na húdaruithe sin, agus ansin trí chomhiomlánú thorthaí na ríomhanna sin.

Tábla 3

Aicmiú substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe le táscaire riosca comhchuibhithe 2a a ríomh

Ró	**Grúpaí**			
	1	**2**	**3**	**4**
(i)	Substaintí gníomhacha ísealriosca atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Airteagal 22 de	Substaintí gníomhacha atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009,	Substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE)	Substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus dá bhrí sin nach liostaítear san

	Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	agus nach dtagann faoi chatagóirí eile agus a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011	Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408.	Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011
(ii)	Ualuithe guaise is infheidhme maidir le cainníochtaí substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí atá údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009			
(iii)	**1**	**8**	**16**	**64**

4. Socrófar an bhunlíne do tháscaire riosca comhchuibhithe 2a ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríofa thuas don tréimhse 2022-2024.

5. Toradh tháscaire riosca comhchuibhithe 2a, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.

6. Déanfaidh an Coimisiún torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 2a ar leibhéal an Aontais a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(2) den Rialachán seo. Déanfar an méid sin den chéad uair in 2027 ag úsáid sonraí ó na blianta féilire 2022 go 2025, agus ina dhiaidh sin do gach bliain féilire, 20 mí ar a dhéanaí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 2a á ríomh ina leith.

7. Déanfaidh na Ballstáit torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 2a ar an leibhéal náisiúnta a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(3) den Rialachán seo. Déanfar an méid sin den chéad uair in 2027 ag úsáid sonraí ó na blianta féilire 2022 go 2025, agus ina dhiaidh sin do gach bliain féilire, 20 mí ar a dhéanaí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 2a á ríomh ina leith.

IARSCRÍBHINN VII

TÁBLA COMHGHAOIL DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 43(2)

Treoir 2009/128/CE	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagail 8 go 9
Airteagal 5	Airteagal 17(1), Aireagail 23 agus 25
Airteagal 6	Airteagal 24
Airteagal 7	Airteagal 27
Airteagal 8	Airteagal 17(3) go (5), agus Airteagail 29 go 33
Airteagal 9	Airteagail 20 go 21
Airteagal 10	
Airteagal 11	Airteagal 19
Airteagal 12	Airteagal 18
Airteagal 13	Airteagal 22
Airteagal 14	Airteagail 12 go 16

Airteagal 15	Airteagail 35 agus 36
Airteagal 16	Airteagal 11(7), Airteagal 15(13) agus Airteagal 42(2)
Airteagal 17	Airteagal 38
Airteagal 18	
Airteagal 19	Airteagal 39
Airteagal 20	Airteagal 31(11)
Airteagal 21	Airteagal 41
Airteagal 22	—
Airteagal 23	—
Airteagal 24	Airteagal 44
Airteagal 25	—
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn III
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn IV
Iarscríbhinn III	
Iarscríbhinn IV	Iarscríbhinn VI